Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Eanáir 2022
(OR. en)

14715/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0368 (NLE)

FISC 233
ECOFIN 1209

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1490 a mhéid a bhaineann le húdarú don Ungáir an beart speisialta de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a chur i bhfeidhm go ceann tréimhse eile |

**CINNEADH (AE) 2022/ ... CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1490 a mhéid a bhaineann le húdarú don Ungáir an beart speisialta de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a chur i bhfeidhm go ceann tréimhse eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 287, pointe (12), de Threoir 2006/112/CE, féadfaidh an Ungáir daoine inchánach a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha (CBL) nach airde a láimhdeachas bliantúil ná EUR 35 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta ag an ráta comhshó ar lá a haontachais.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1490 ón gComhairle[1], údaraíodh don Ungáir beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE chun daoine inchánach nach airde a láimhdeachas bliantúil ná EUR 48 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta ag an ráta comhshó ar lá a haontachais leis an Aontas a dhíolmhú ó CBL go dtí an 31 Nollaig 2021 nó go dtí teacht i bhfeidhm treorach lena leasaítear na forálacha d'Airteagail 281 go 294 de Threoir 2006/112/CE, cibé dáta acu is túisce ('an beart speisialta').

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1490 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena n-údaraítear don Ungáir beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 252, 8.10.2018, lch. 38).

(3) I litir dar dáta an 19 Aibreán 2021, chuir an Ungáir iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar údarú chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024, an dáta faoina ndéanfaidh na Ballstáit Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle[1] a thrasuí lena leagtar síos rialacha CBL níos simplí d'fhiontair bheaga. Leis an Treoir sin, ceadaítear do na Ballstáit freisin daoine inchánach nach sáraíonn a láimhdeachas bliantúil tairseach de EUR 85 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta a dhíolmhú.

(4) De bhun Airteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an Ungáir chuig na Ballstáit eile i litir dar dáta an 28 Meitheamh 2021. I litir dar dáta an 29 Meitheamh 2021, thug an Coimisiún fógra don Ungáir go raibh an fhaisnéis ar fad aige a bhí riachtanach chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

(5) Tá an beart speisialta i gcomhréir le Treoir (AE) 2020/285, lena bhféachtar le costais chomhlíontachta CBL d'fhiontair bheaga, saobhadh iomaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, agus an tionchar diúltach atá ag an aistriú ó dhíolmhú go cánachas (éifeacht na tairsí) a laghdú. Féachann sí freisin le comhlíonadh ag fiontair bheaga a éascú chomh maith le faireachán ag údaráis chánach. Tá an tairseach EUR 48 000 comhsheasmhach leis an tairseach nua don díolúine arna leagan síos le Treoir (AE) 2020/285.

---

1 Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga (IO L 62, 2.3.2020, lch. 13).

(6) Leanfaidh an beart speisialta de bheith roghnach do dhaoine inchánach. Féadfaidh daoine inchánach na gnáthshocruithe CBL a roghnú fós de bhun Airteagal 290 de Threoir 2006/112/CE.

(7) De réir na faisnéise arna cur ar fáil ag an Ungáir, ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailíonn an Ungáir ag céim an tomhaltais chríochnaithigh.

(8) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle[1], ní dhéanfaidh an Ungáir aon ríomh ar chúiteamh maidir leis an ráiteas faoi acmhainní dílse CBL don bhliain airgeadais 2021 ar aghaidh.

(9) I bhfianaise thionchar dearfach an bhirt speisialta maidir le hoibleagáidí a bhaineann le CBL a shimpliú tríd an ualach riaracháin agus na costais chomhlíontachta a laghdú d'fhiontair bheaga agus do na húdaráis chánach, agus i bhfianaise an easpa tionchair mhóir ar an ioncam iomlán CBL a ghintear, ba cheart údarú a thabhairt don Ungáir an beart speisialta a chur i bhfeidhm go ceann tréimhse eile.

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú (IO L 165, 11.5.2021, lch. 9).

(10) Ba cheart teorainn ama a bheith leis an údarú chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm. Ba cheart gur leor an teorainn ama chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus oiriúnacht na tairsí. Thairis sin, de bhun Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2020/285, tá na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 1 den Treoir sin a chomhlíonadh le glacadh agus le foilsiú ag na Ballstáit faoin 31 Nollaig 2024, agus tá na forálacha sin le cur i bhfeidhm acu ón 1 Eanáir 2025. Is iomchuí, dá bhrí sin, an Ungáir a údarú chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024.

(11) Chun éifeachtaí suaiteacha a sheachaint, ba cheart cead a bheith ag an Ungáir an beart speisialta a chur i bhfeidhm gan bhriseadh. Ba cheart, dá bhrí sin, an t-údarú arna iarraidh a dheonú le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, chun leanúint gan uaim de na réamhshocruithe faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1490.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1490 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1490:

*'Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2024.'.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an lá a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 3*

Is chuig an Ungáir a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*